# Údarás Uchtála na hÉireann

# Tuarascáil Bhliantúil 2011

# Comhaltas an Bhoird - 2011

An Dr. Geoffrey Shannon, Cathaoirleach
Helen Collins, Leaschathaoirleach
Siobhan Keogh
Corrina Carrick
Ann McWilliams

| | |
|---|---|
| An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: | Elizabeth Canavan (Márta - Meán Fómhair 2011) |
| Stiúrthóir Seirbhísí: | Conor Kerlin |
| Cláraitheoir agus Rúnaí don Bhord: | Kiernan Gildea |
| Príomhoibrí Sóisialta Gníomhach: | Celia Loftus |

ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

# Tuarascáil ó

# Údarás Uchtála

# na hÉireann don bhliain

# 2011

**Do: Frances Fitzgerald,**
**T.D.**

**Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige,**

**An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.**

# Clár

Leathanach Tuairimí an Chathaoirligh.....5

Athbhreithniú ar an mbliain 2011.....6

## 1. UCHTÁIL BHAILE.....7

- Anailís ar Ghníomhaíochtaí.....7
- Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta.....7
- Iarratais Baile a Phróiseáil.....7
- Dul i gComhairle leis an Athair Breithe/Nádúrtha.....7

## 2. COMHLACHTAÍ CREIDIÚNAITHE A CHREIDIÚNÚ.....8

## 3. UCHTÁIL IDIR TÍORTHA.....8

- Anailís ar Ghníomhaíochtaí.....8
- Saincheisteanna a bhaineann le Tíortha Sonracha.....11
- Athbhreithniú ar Dhlíthe Uchtála Dlínsí Coigríche.....12

## 4. FAISNÉIS AGUS LORGAIREACHT.....13

- Reachtaíocht maidir le Faisnéis agus Lorgaireacht.....13
- Anailís ar Ghníomhaíochtaí.....13
- An Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR).....14

## 5. TÁBLAÍ 1-11.....15

# Brollach leis an gCathaoirleach

Ba bhliain ghnóthach dhúshlánach í an bhliain 2016 d'Údarás Uchtála na hÉireann ("an tÚdarás") ós rud é gurbh í an chéad bhliain iomlán ina raibh an tAcht Uchtála 2010 ("Acht 2010") i ngníomh.

Foráiltear le hAcht 2010 go mbeidh éifeacht dhlíthiúil ag Coinbhinsiún na Háige 1993 sa dlínse seo agus go ndéanfar aird bhreithiúnach a thabhairt ar an tuarascáil mhíniúcháin a d'ullmhaigh Gonzalo Parra-Aranguren sa bhliain 1993 thar ceann Bhuanbhiúró Choinbhinsiún na Háige. Is é atá i gCoinbhinsiún na Háige 1993 ná ionstraim idirnáisiúnta lena bhféachtar lena chinntiú gur ar mhodh atá ar mhaithe le leasanna an linbh a dhéantar uchtáil idir tíortha agus go ndéantar cearta bunúsacha an linbh, mar a aithnítear sa dlí idirnáisiúnta iad, a urramú le linn uchtáil idir tíortha a dhéanamh.

Chruthaigh an Coinbhinsiún dúshláin don Údarás sa mhéid gur chuir sé an bonneagar i bhfeidhm le haghaidh reachtaíocht nua agus le haghaidh phróisis agus nósanna imeachta Choinbhinsiún na Háige. Dréachtaíodh rialacháin agus foirmeacha nua reachtúla le go bhféadfaí an reachtaíocht nua a chur i ngníomh. Sa tuarascáil seo, tugtar mionsonraí faoi ghníomhaíochtaí an Údaráis i rith na bliana 2011 agus faoin dul chun cinn a baineadh amach i rith na bliana sin.

Cuireadh os cionn 500 comhad baile ar aghaidh chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte lena meas faoin reachtaíocht nua. Maidir le níos mó ná 740 cás, rinneadh Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta nó faduithe a dheonú ina leith. De bhreis air sin, próiseáladh 620 iarratas ar thaifead a chur sa Chlár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil.

Thug toscaireachtaí de chuid an Údaráis cuairt ar Stáit Aontaithe Mheiriceá, ar an mBulgáir, ar an Iodáil, ar Mheicsiceo, ar Vítneam agus ar an Rúis chun plé a dhéanamh maidir leis na sásraí i leith cur i bhfeidhm Choinbhinsiún na Háige nó chun comhaontuithe déthaobhacha a chur i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar uchtálacha de réir na gcaighdeán is airde agus is féidir.

Le hAcht 2010, bunaíodh an tÚdarás mar eintiteas corparáideach ar leithligh. Rinneadh méid mór oibre maidir le dréachtú Phlean Corparáideach an Údaráis atá le foilsiú i rith na bliana 2012. Tá cuid mhór oibre le déanamh fós ach tá mé dóchasach go ndearna an tÚdarás dúshraith a leagan síos sa bhliain 2011 le haghaidh na seirbhíse uchtála den scoth ar domhan a bhfuil gach duine dínn ag iarraidh é a chur ar bun.

Gabhaim buíochas le comhaltaí uile an Údaráis as a dtoilteanas chun freastal ar chruinnithe breise lena chumasú don Údarás a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.

Thar mo cheann féin, agus thar ceann mó chomh-chomhaltaí, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Údaráis as a dtiomantas agus as a ndíograis i leith obair an Údaráis. Is mór againn gach rud a dhéanann siad.

Ina theannta sin, is mian liom buíochas a léiriú i leith na tacaíochtaí leanúnaí agus an chúnaimh leanúnaigh a fhaightear ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Frances Fitzgerald, T.D., agus ó fhoireann Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

**An Dr. Geoffrey Shannon Cathaoirleach**

# ATHBHREITHNIÚ AR AN mBLIAIN

# 1. UCHTÁIL BHAILE

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

Dheonaigh an tÚdarás 71 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta sa bhliain 2011 d'iarratasóirí a bhí ag iarraidh uchtáil a dhéanamh in Éirinn. Deonaíodh 39 nOrdú Uchtála. Bhain 16 cinn díobh sin le huchtálacha teaghlaigh agus bhain 23 cinn díobh le huchtálacha neamhtheaghlaigh. (féach Táblaí 1-2)

### Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta

Ón tráth ar achtaíodh an tAcht Uchtála 2010 ar an 1 Samhain 2010, tá ceanglas ann nach mór do gach iarratasóir ar mian leis/léi uchtáil a dhéanamh in Éirinn Dearbhú bailí Incháilitheachta agus Oiriúnachta a bheith aige/aici sular féidir ordú uchtála a dhéanamh.

### Iarratais Bhaile a Phróiseáil

D'athraigh an tAcht fócas Údarás Uchtála na hÉireann ó ról mar sholáthróir seirbhíse chuig ról mar rialálaí seirbhíse agus dá bharr sin ní mór do Sheirbhísí Uchtála Réigiúnacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte próiseáil a dhéanamh ar gach iarratas ar uchtáil bhaile. Mar thoradh ar an athrú sa reachtaíocht, b'éigean na hiarratais go léir a bhí ag foireann oibre sóisialta agus riaracháin an Bhoird Uchtála an tráth sin na hiarratais go léir a bhí acu a aistriú chuig na ranna iomchuí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Is é a bhí i gceist leis an obair shuntasach sin ná cead a fháil ó gach iarratasóir a raibh iarratas uchtála déanta acu chuig an mBord a gcomhad a scaoileadh d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus, ina dhiaidh sin, na measúnachtaí oibre sóisialta agus na nósanna imeachta riaracháin a bhain leis na hiarratais go léir a aistriú chuig an soláthróir réigiúnach iomchuí i dtaca le seirbhísí uchtála de. Sa bhliain 2011, rinneadh os cionn 500 comhad a aistriú chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Is réimse nua oibre é próiseáil na n-iarratas ar Dhearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta agus ar iarratais ar Orduithe Uchtála agus tá an obair sin á déanamh anois ag Seirbhís Réigiúnach Uchtála Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Rinne an tÚdarás treoir agus oiliúint maidir le próisis uchtála baile agus maidir le hobair shóisialta a chur ar fáil chun cúnamh a thabhairt do na soláthróirí seirbhíse éagsúla le linn dóibh iarratais a phróiseáil.

### Dul i gComhairle leis an Athair Breithe/Nádúrtha

Tar éis an tAcht Uchtála 2010 a achtú, tá forbairtí suntasacha déanta i ndáil leis a bpróiseas a bhaineann le dul i gcomhairle leis an athair breithe/nádúrtha. Ar an gcéad dul síos, i gcás nach cuí, mar gheall ar chineál an chaidrimh idir na tuismitheoirí nádúrtha nó mar gheall ar imthosca na giniúna, teagmháil a dhéanamh leis an athair breithe/nádúrtha, féadfaidh an tÚdarás, tar éis ceadú a fháil i dtosach ón Ard-Chúirt, údarú a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó do Chomhlacht Creidiúnaithe an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil. Ina theannta sin, i gcás nach bhfuil céannacht athar linbh ar eolas nó go ndiúltaíonn an mháthair céannacht an athar a nochtadh, féadfaidh an tÚdarás athuair, tar éis ceadú a fháil i dtosach ón Ard-Chúirt, údarú a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó do Chomhlacht Creidiúnaithe an leanbh a shuíomh lena uchtáil nó lena huchtáil. Tá forálacha comhchosúla ann i gcás ina bhfuil leanbh ina chónaí/cónaí cheana féin le huchtaitheoirí ionchasacha (e.g. staid leasteaghlaigh). Sula bhféadfaidh an tÚdarás ordú uchtála a dhéanamh gan dul i gcomhairle leis an athair, ní mór dó ceadú a fháil i dtosach ón Ard-Chúirt. Mar thoradh ar an gceanglas nua seo lena bhfuil gá le ceadú ón Ard-Chúirt, bhí moilleanna suntasacha ann sa bhliain 2011 i leith próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar uchtáil bhaile.

# 2. COMHLACHTAÍ CREIDIÚNAITHE A CHREIDIÚNÚ

Faoin Acht Uchtála 2010, ní raibh Cumainn Uchtála a bhí ar 'Clár Chumainn Uchtála an Bhoird Uchtála' i dteideal, go huathoibríoch, a bheith taifeadta sa 'Clár Comhlachtaí Creidiúnaithe' ach bhí orthu iarratas a dhéanamh chun creidiúnú a fháil.

Ní raibh na cumainn sin in ann aon seirbhís d'aon chineál a bhí bainteach le huchtáil a chur ar fáil go dlíthiúil go dtí go ndeonódh an tÚdarás an creidiúnú sin. Dheonaigh an tÚdarás creidiúnú do dhá Chomhlacht Creidiúnaithe déag den sort sin sa bhliain 2011 (Féach Táblaí 11).

# 3. UCHTÁIL IDIR TÍORTHA

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

Dheonaigh an tÚdarás 626 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta sa bhliain 2011 d'iarratasóirí a bhí ag iarraidh uchtáil a dhéanamh thar lear, i gcomparáid le 423 sa bhliain 2010. Bhí athrú inbhraite ann i dtaca le rogha na n-iarratasóirí i dtaca le tír na huchtála de, is é sin le rá, athrú i leith na Rúise agus na hAetóipe seachas i leith na Síne agus Vítneam. Cuireadh 342 thaifead san iomlán isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha i leith na n-alt iomchuí go léir den Acht Uchtála 2010.

I rith na bliana, chreidiúnaigh an tÚdarás gníomhaireacht idirghabhála ARC, gníomhaireacht tacaíochta agus comhairle IAA, agus gníomhaireachtaí measúnachta PACT, *Families for Children* agus *Pathways to Adoption*.

### Saincheisteanna a bhaineann le Tíortha Sonracha - Stáit Choinbhinsiún na Háige

**An Bhulgáir**

Bhuail ionadaithe de chuid Údarás Uchtála na hÉireann le hÚdarás Lárnach na Bulgáire i bpríomhchathair na Bulgáire, Sóifia, i Márta 2011. Tá Údarás Lárnach na Bulgáire (ar a dtugtar 'Comhairle Uchtála na Bulgáire') ina chuid den Aireacht Dlí agus Cirt.

Dhaingnigh an Bhulgáir Coinbhinsiún na Háige sa bhliain 2003. Bíonn thart ar 750 uchtáil bhaile ann in aghaidh na bliana, agus is uchtálacha teaghlaigh/gaoil iad cuid mhór díobh sin. Déantar tuairim is 250 uchtáil idir tíortha a chur i gcrích faoi Choinbhinsiún na Háige.

Oibríonn Comhairle Uchtála na Bulgáire laistigh den Aireacht Dlí agus Cirt agus coimeádann sí dhá chlár uchtála - baineann an chéad cheann díobh sin le clár cuimsitheach náisiúnta de na leanaí go léir atá ar fáil lena n-uchtáil. Nuair nach n-áirithítear uchtáil do leanbh tar éis tarchur chuig trí theaghlach Bhulgáracha, féadtar é/í a chur ar chlár ar leithligh le haghaidh uchtáil ionchasach idir tíortha.

Cuirtear leanaí ar chlár náisiúnta uchtála thart ar shé mhí tar éis na chéad teagmhála leis na seirbhísí sóisialta bardasacha agus ní mór do na seirbhísí sin a bheith sásta nach bhfuil an mháthair/na tuismitheoirí in ann cúram a thabhairt don leanbh. Ní féidir glacadh le toiliú ach

amháin go dtí go mbíonn ceithre seachtaine caite tar éis na breithe. Is féidir leis an mbeirt tuismitheoirí toiliú a tharraingt siar aon tráth suas go dtí tráth déanta an ordaithe uchtála.

Tá aoisphróifíl na leanaí sin atá ar fáil le haghaidh uchtáil idir tíortha mórán mar an gcéanna lena bhfuil ar fáil sa chuid is mó tíortha tionscnaimh eile de chuid Choinbhinsiún na Háige Níl aon leanbh díobh faoi bhun aon bhliain amháin d'aois. I gcoitinne, bíonn siad os cionn 3 bliana d'aois agus bíonn an chuid is mó díobh thart ar 5 bliana d'aois. Ach tá líon mór leanaí ann in aoisghrúpa níos sine ná sin, is é sin le rá, sna raoin suas go 8 mbliana d'aois agus suas go 11 bhliain d'aois. D'fhéadfadh riachtanais speisialta a bheith ag na leanaí sin ó thaobh nithe a bhaineann le haois, le hoideachais, le hinstitiúidiú agus le heitneacht agus bíonn roinnt saincheisteanna measartha suntasach sláinte ann freisin.

Is léir go bhfuil difríocht ann idir próifíl na leanaí Bulgáracha seo agus ionchais iarratasóirí Éireannacha. Éilíonn údaráis na Bulgáire tuarascálacha measúnachta baile lena ngabhann anailís fhorleathan ar chumas na dtuismitheoirí ionchasacha i ndáil le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Dá bhrí sin, ní mór do thuismitheoirí uchtaíocha féachaint ar phróifílí na leanaí atá ar fáil agus measúnacht a dhéanamh ar a n-ionchais ar mhodh réalaíoch.

I gcomhréir leis an dea-chleachtas agus le téarmaí Choinbhinsiún na Háige, ceadaíonn údaráis na Bulgáire meaitseálacha trí Chomhairle Uchtála na Bulgáire ar dtús d'fhonn a chinntiú go n-oireann na meaitseálacha go léir do leasanna na leanaí. Ina theannta sin, cuireann sé sin deireadh leis an gcleachtas a bhíodh i gceist ó thaobh deis a bheith ag tuismitheoirí uchtaíocha bualadh le leanaí roimh mheaitseáil.

Thairis sin, is ceart do na hiarratasóirí sin a roghnaíonn an Bhulgáir a bheith ar an eolas go ndearna an tÚdarás, de bhun Airteagal 22 den Choinbhinsiún, na gníomhaíochtaí atá leagtha amach in Airteagal 15(2) den Choinbhinsiún i.e. tarchur shainchomhaid na n-iarratasóirí (tuarascáil mheasúnachta baile etc.) a tharmligean chuig ARC Adoptions Ltd.

**Stáit Aontaithe Mheiriceá**

Bhuail ionadaithe de chuid an Údaráis le hÚdarás Lárnach Stáit Aontaithe Mheiriceá (Roinn Stáit na Stát Aontaithe) in Washington i mí na Samhna 2011. Tharla an chuairt sin i gcomhthéacs roinnt ábhar imní a tháinig chun cinn maidir leis an bpróiseas oibriúcháin agus leis na nósanna imeachta a bhaineann le huchtáil idir tíortha ó Stáit Aontaithe Mheiriceá, lena n-áirítear Stát Florida.

Seo a leanas na nithe a bhí i gceist:

- Toilithe ó mháithreacha breithe - na himthosca agus na staideanna a bhaineann le toiliú dlíthiúil leis an uchtáil a fháil ó mháithreacha breithe nádúrtha agus a bhaineann leis na paraiméadair dhlíthiúla lena rialaítear an méid sin.
- Prionsabal na coimhdeachta - bunphrionsabal de chuid an dea-chleachtais idirnáisiúnta i réimse na huchtála idir tíortha is ea nach ceart an rogha i leith uchtáil idir tíortha a scrúdú go dtí go mbeidh scrúdú agus measúnú déanta ar na roghanna tosaíochta go léir maidir le cúram oiriúnach don leanbh ina thír/tír bhreithe féin e.g. cúram altramais le gaolta nó le strainséirí, uchtáil bhaile an linbh ag gaolta nó ag strainséirí sa tír tionscnaimh etc.

- Cúrsaí airgeadais – bunphrionsabal de chuid dhlí agus de chleachtas na hÉireann, agus de chuid Choinbhinsiún na Háige, is ea nach bhféadfar ach leibhéil réasúnacha táillí gairmiúla agus táillí dlíthiúla etc. agus leibhéil inchosanta aisíocaíochta caiteachas a cheadú.
- Meaitseáil - gné lárnach bhunúsach riachtanach de Choinbhinsiún na Háige is ea an coincheap ar dá réir a dhéantar meaitseáil faoi mhaoirseacht gairmithe. Dá réir sin, ní mór go ndéanfaidh gairmithe cáilithe cúraim shóisialta ceart gach leanbh atá ar fáil lena uchtáil/huchtáil a mheaitseáil go cúramach le tuismitheoir(í) oiriúnach(a), ionchasach(a), uchtaíoch(a) trí chomhoibriú comhpháirteach idir an dá 'Údarás Lárnach Náisiúnta' sa 'tír shallchur' agus sa 'tír ghlacaidh' faoi seach nó, mar mhalairt air sin, trí chomhoibriú comhpháirteach idir dhá ghníomhaireacht chláraithe chreidiúnaithe idirghabhála uchtála, is é sin, ceann amháin i ngach ceann ar leith de na tíortha faoi seach, agus iad ag obair lena chéile go díreach nó trí mheán na nÚdarás Lárnach Náisiúnta.
- Fógra a thabhairt don athair breithe agus dul i gcomhairle leis.

**An India**
I mí Iúil 2011, chuir Údarás Lárnach Náisiúnta na hIndia, is é sin an tÚdarás Lárnach Acmhainní Uchtála (CARA) go raibh athbhreithniú á dhéanamh acu ar a gcuid treoirlínte maidir le huchtáil teaghlaigh idir tíortha. Faoi dheireadh na bliana, ní raibh aon athrú déanta ina leith sin.

**Meicsiceo**
Bhuail ionadaithe de chuid an Údaráis le hÚdarás Lárnach Mheicsiceo (an Roinn Gnóthaí Seachtracha) i gCathair Mheicsiceo i mí na Nollag 2011.

Áiríodh an méid seo a leanas i measc na nithe a pléadh:

- an próiseas uchtála i Meicsiceo
- an próiseas creidiúnúcháin i Meicsiceo i gcás comhlachtaí creidiúnaithe
- Meicsiceo agus Éire ag obair le chéile i gcomhthéacs Choinbhinsiún na Háige

Luaigh údaráis Mheicsiceo nach mór don Údarás, nó do chomhlachta atá creidiúnaithe ag Údarás Uchtála na hÉireann, na doiciméid go léir a bhaineann le huchtáil idir tíortha a chur chuig an Údarás Lárnach Náisiúnta i Meicsiceo (de réir fógra ó Mheicsiceo ar láithreán gréasáin Choinbhinsiún na Háige); nach raibh ach aon chóras uchtála idir tíortha amháin ann i Meicsiceo (i.e. córas poiblí a rialáiltear go reachtúil); gur Grúpa Teicniúil, ar leibhéal DIF, a sheolann an próiseas a bhaineann le meaitseáil; gur cheadaigh roinnt Stát Meicsiceach uchtálacha lasmuigh d'eintitis phoiblí ach gur uchtálacha simplí intíre iad na huchtálacha sin; agus nach mór d'iarratasóirí ar víosa cuspóir iarbhír a dturais go Meicsiceo a lua go soiléir.

**An Afraic Theas**
I mí an Mheithimh 2011, chuir údaráis na hAfraice Theas in iúl don Údarás go raibh Comhaontuithe Oibre acu le 11 tír. Thar aon ní eile, ba é a bhí i straitéis na hAfraice Theas ná uchtáil a chur chun cinn san Afraic Theas. Ceadaíonn na húdaráis tuairim is 2,500 uchtáil sa bhliain. Is uchtálacha idir tíortha iad tuairim is 200 uchtáil díobh sin.

I rith na tréimhse 2011/2012, tá sé beartaithe ag Roinn Forbartha Sóisialta na hAfraice Theas athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe reatha maidir le huchtáil, laistigh den tír agus le tíortha thar lear. Nuair a bheidh an t-athbhreithniú sin curtha i gcrích, d'fhéadfadh sé tarlú go leasóidh

an Roinn na socruithe reatha i gcomhréir le torthaí an athbhreithnithe. I measc na moltaí a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an athbhreithniú d'fhéadfadh sé go molfar caibidlíochtaí faoi uchtáil idir tíortha a thosú le roinnt tíortha breise. D'fhéadfadh sé go mbeidh Éire i measc na dtíortha sin.

I gcás ina ndéanfaí Comhaontú Oibre a thabhairt i gcrích le hÉirinn, dhéanfadh an dá thír a nGníomhaireachtaí Uchtála féin a shannadh chun uchtáil idir tíortha a éascú. Tá roinnt gníomhaireachtaí creidiúnaithe ag Roinn Forbartha Sóisialta na hAfraice Theas chun uchtáil thar lear a éascú. Níl aon ghníomhaireacht sannta fós ag an Roinn Forbartha Sóisialta chun bheith ag obair in Éirinn.

**An Téalainn**

Bhuail toscaireacht ó Údarás Lárnach Náisiúnta na Téalainne, is é sin, an tIonad Uchtála Leanaí, leis an Údarás i mí Aibreáin 2011. Thug an toscaireacht mionsonraí faoin bpróiseas uchtála sa Téalainn faoi Choinbhinsiún na Háige.

Is uchtálacha teaghlaigh/gaolta iad tromlach na n-uchtálacha baile a dhéantar sa Téalainn agus bíonn uchtáil bhaile ann freisin i leith leanaí neamhtheaghlaigh a bhfuil an chuid is mó díobh tugtha suas nó tréigthe chun cúram a fháil i dteaghaisí do naíonáin. Déantar leanaí nach nglacann lánúineacha Téalannacha leo lena n-uchtáil a chur ar chlár uchtála idir tíortha. Oifigí Ceantair a oibríonn an próiseas is gá chun a chinntiú go bhfuil leanbh cáilithe lena uchtáil/huchtáil sula gcuirtear ar an gclár uchtála idir tíortha é/í agus is próiseas cuimsitheach é sin, lena n-áirítear seiceálacha maidir le seoltaí, seiceálacha maidir le deimhniú breithe agus seiceálacha a dhéantar trí na póilíní, trí ghaolta agus trí thástálacha fola, más gá. De bharr fhad an phróisis sin, bíonn na leanaí a chuirtear ar an gclár uchtála idir tíortha os cionn bliain amháin ar a laghad agus, den chuid is mó, bíonn siad os cionn dhá bhliain d'aois. D'fhéadfadh sé go mbeadh mionfhadhbanna sláinte ag cuid de na leanaí.

Áiríonn an próiseas meaitseála cruinniú míosúil ar lena linn a bhuaileann ionadaithe teaghaisí do naíonáin leis an Údarás Lárnach Náisiúnta. Is iad na príomhchritéir a úsáidtear le linn leanaí a mheaitseáil le teaghlaigh infhaighteacht an linbh agus as an ngá atá ag an leanbh le huchtáil.

Faoi láthair, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar iarratasóirí Éireannacha atá ag iarraidh uchtáil a dhéanamh ón Téalainn fanacht ar feadh 30 go 36 mhí ós rud é go bhfuil cuóta 'nialas' ann d'Éirinn ar chlár uchtála idir tíortha na Téalainne. Is ceart d'iarratasóirí ionchasacha a thabhairt dá n-aire freisin nach raibh aon ghníomhaireacht creidiúnaithe ann sa bhliain 2011 chun socruithe uchtála idir an Téalainn agus Éire a éascú.

Tuigtear don Údarás gur 'uchtálacha simplí' a bhíonn i gceist le huchtáil ón Téalainn i.e. ní dhéantar an caidreamh dlíthiúil a bhí ann roimhe sin idir an leanbh agus a t(h)uismitheoirí nádúrtha a bhriseadh mar thoradh ar uchtáil Théalannach.

## Saincheisteanna a bhaineann le Tíortha Sonracha-- Stáit nach Stáit Choinbhinsiún na Háige iad

**Cónaidhm na Rúise**

Bhuail ionadaithe de chuid na Roinne Leanaí & Gnóthaí Óige agus an Údaráis le hoifigigh de chuid Aireacht Oideachais & Eolaíochta Chónaidhm na Rúise i Moscó i mí na Nollag 2011.

Tharla an cruinniú i gcomhthéacs réamhchainteanna faoin bhféidearthacht go gcomhaontófaí creat le haghaidh comhaontú déthaobhach ina dhiaidh sin maidir le huchtáil idir tíortha idir Éire agus Cónaidhm na Rúise.

**An Aetóip**

I Márta 2011, chuir Ambasáid na hÉireann in Addis Ababa in iúl don Údarás go raibh athbhreithniú á dhéanamh ag Aireacht na hAetóipe maidir le Gnóthaí Ban, Leanaí agus Óige (MWCYA) ar chúrsaí uchtála sa tír sin. Thug an Aireacht cuairteanna ar dhílleachtlanna i gceithre réigiún agus tabharfar cuairteanna ar réigiúin eile i rith na bliana 2011.

Tar éis an t-athbhreithniú a chríochnú, tá bailchríoch le cur ar shraith treoirlínte ag údaráis na hAetóipe. Sna threoirlínte sin, tá aghaidh le tabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le 'uchtáil phríobháideach/neamhspleách'. (Aicmítear uchtálacha Éireannacha mar 'uchtálacha príobháideacha/neamhspleácha' sa mhéid go ndéileálann na tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha go díreach le teaghais na leanaí agus nach dtéann siad chuig gníomhaireacht chreidiúnaithe). Chuir MWCYA in iúl go rabhthas chun 'stop' a chur le huchtálacha príobháideacha go dtí go mbeadh na treoirlínte athbhreithnithe i bhfeidhm.

D'fháiltigh an tÚdarás roimh chinneadh MWCYA athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta uchtála. Tá an tÚdarás tiomanta i leith oibriú leis an Aireacht chun a chinntiú go gcomhlíonann aon uchtálacha a dhéantar san Aetóip dlí na hAetóipe agus go bhfuil siad i gcomhréir le caighdeáin Choinbhinsiún na Háige. Tabharfaidh ionadaithe de chuid an Údaráis cuairt ar an Aetóip sa bhliain 2012.

## Athbhreithniú ar dhlíthe uchtála i ndlínsí coigríche

Chun cáiliú i leith taifead a chur i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, ní mór uchtáil choigríche a bheith i gcomhréir leis an míniú ar "uchtáil choigríche" in Alt 1 den Acht Uchtála 1991.

I rith na bliana 2011, scrúdaigh an Bord dlíthe uchtála na Tansáine agus fuarthas amach go bhfuil na huchtálacha a rinneadh de réir dhlíthe na tíre sin i gcomhréir leis an sainmhíniú ar 'uchtáil choigríche' mar atá sonraithe in Alt 1 den Acht Uchtála 1991 agus go bhféadfadh sé go mbeidh siad cáilithe i leith taifead a chur i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

# 4. FAISNÉIS AGUS LORGAIREACHT

### Reachtaíocht maidir le Faisnéis agus Lorgaireacht

Fáiltíonn an tÚdarás go mór roimh an ngealltanas atá tugtha ag an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil le Bille um Fhaisnéis agus Lorgaireacht a thabhairt isteach sa bhliain 2012.

Tá sé thar am reachtaíocht a thabhairt isteach ina léirítear na hathruithe an-suntasach atá tagtha ar shochaí na hÉireann maidir leis an ábhar seo. Tá an easpa reachtaíochta den sórt sin fós ina cúis le deacrachtaí maidir le seirbhís a sholáthar a oireann go leordhóthanach do riachtanais agus do mhianta na mílte Éireannach uchtaithe agus do mhianta a ngaolta nádúrtha. Ábhar imní ar leith do chuid mhór aosach uchtaithe is ea an easpa rochtana ar fhaisnéis chúlra liachta maidir leo féin agus maidir lena leanaí féin.

Chuaigh oifigigh de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige ar a bhfuil freagracht i leith dhréachtú an Bhille i gcomhairle leis an Aonad Faisnéise agus Lorgaireachta. Chuir an tAonad an Roinn ar an eolas faoi thorthaí an phróisis fhorleathain comhairliúcháin a chuir an t-iarBhord Uchtála i gcrích maidir leis an ábhar seo idir na blianta 2003 agus 2007 agus a bhfuarthas ionchur ina leith ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó chleachtóirí de chuid cumainn chláraithe uchtála agus, chomh maith leis sin, ó ionadaithe de chuid grúpaí tacaíochta agus tathanta a fheidhmíonn thar ceann daoine uchtaithe, tuismitheoirí nádúrtha agus tuismitheoirí uchtaíocha. Mar thoradh díreach ar an bpróiseas sin, tugadh NACPR isteach sa bhliain 2005 agus d'fhoilsigh an Bord Uchtála 'An Creat Caighdeánaithe maidir le Soláthar Seirbhíse Náisiúnta Faisnéise & Lorgaireachta'. Ina theannta sin, rinneadh torthaí an tsuirbhé phoiblí a rinneadh chun eolas a bhailiú do Phlean Corparáideach Údarás Uchtála na hÉireann a chur in iúl don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ós rud é gur thug beagnach an leathchuid de na freagróirí a bhí páirteach sa suirbhé aighneachtaí láidre, lena n-áirítear an gá le reachtaíocht sa réimse seo.

Maidir leis an gCreat sin, a fuair tacaíocht ó na páirtithe go léir a bhí bainteach leis le linn an phróisis comhairliúcháin, measann an tÚdarás go léiríonn sé na saincheisteanna thar a bheith casta a thagann chun cinn sa réimse seo agus go soláthraíonn sé bonn fónta le haghaidh dhréachtú na reachtaíochta trína gcumasófar seirbhís a sholáthar a urramaíonn riachtanais agus cearta gach duine lena mbaineann.

Tá an tÚdarás réidh I gcónaí chun aon chomhairle agus aon chúnamh a thabhairt maidir leis an ábhar seo a mhéid atá ar a chumas déanamh amhlaidh.

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

Sa bhliain 2011, fuair an tAonad Faisnéise agus Lorgaireachta níos mó ná 1,700 iarraidh i scríbhinn, le litir agus le ríomhphost, ar fhaisnéis agus/nó ar chúnamh ó dhaoine den phobal, ó Sheirbhís Uchtála Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó Ghníomhaireachtaí Creidiúnaithe agus dhéileáil sé le tuairim is 5,000 fiosrú teileafóin. Ina theannta sin, phróiseáil an tAonad 620 iarratas chun clárú leis an gClár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil agus lean 60 "meaitseáil" as sin.

## An Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR)

Leanann an tÚdarás de thuairim is 30 iarratas a fháil gach seachtain maidir le clárú le NACPR. Ag deireadh na bliana, bhí 6,738 nduine uchtaithe cláraithe, lena n-áirítear os cionn 3,000 gaol nádúrtha agus ghin sé sin 542 “meaitseáil” ón tráth ar bunaíodh an Clár sa bhliain 2005.

Go bunúsach, is mar atá leagtha amach in athbhreithniú ar oibriú an Chláir ó 2005 go 2007 atá an miondealú de réir aoise, inscne roghanna teagmhála etc. Tá an t-athbhreithniú sin ar fáil lena íoslódáil ó:

www.aai.gov.ie/index.php/information-a-tracing/information-booklets.html

# 5. TABLAÍ

| | |
|---|---|
| Tábla 1 | Treochtaí Breithe agus Uchtála Baile in Éirinn sa tréimhse 1953-2011 |
| Tábla 2 | Orduithe Uchtála a deonaíodh/Comhlachtaí Creidiúnaithe a bhí i gceist |
| Tábla 3 | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2011, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 4 | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2011, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha **tar éis** achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála. (Baineann Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 5 | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2011, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha **roimh** achtú an Achta Uchtála 2010. (Baineann Alt 57(2)(a) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 6 | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2011, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha **tar éis** achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí thar lear. (Baineann Alt 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 7 | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 2007 agus 2011, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 8 | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2011 (Gach Roinn) |
| Tábla 9 | An líon iomlán Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag an mBord Uchtála faoin Acht Uchtála 1991 |
| Tábla 10 | An líon iomlán Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag Údarás Uchtála na hÉireann faoin Acht Uchtála 2010 |
| Tábla 11 | Comhlachtaí Creidiúnaithe a creidiúnaíodh sa bhliain 2011 |

| Table 1. Birth and Domestic Adoption Trends in Ireland 1953-2011 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Year | Total Births | Non-Marital Births | % of Total Births | No. of Adoptions | Adoptions as a % of Non-Marital Births |
| 1953 | 62,558 | 1,340 | 2.14 | 381 | 28.40 |
| 1954 | 62,534 | 1,310 | 2.09 | 888 | 67.80 |
| 1955 | 61,662 | 1,234 | 2.00 | 786 | 63.70 |
| 1956 | 60,740 | 1,173 | 1.93 | 565 | 48.20 |
| 1957 | 61,242 | 1,032 | 1.69 | 752 | 72.90 |
| 1958 | 59,510 | 976 | 1.64 | 592 | 60.70 |
| 1959 | 60,188 | 959 | 1.59 | 501 | 52.20 |
| 1960 | 60,735 | 968 | 1.59 | 505 | 52.20 |
| 1961 | 59,825 | 975 | 1.63 | 547 | 56.10 |
| 1962 | 61,782 | 1,111 | 1.80 | 699 | 62.90 |
| 1963 | 63,246 | 1,157 | 1.83 | 840 | 72.60 |
| 1964 | 64,072 | 1,292 | 2.02 | 1,003 | 77.60 |
| 1965 | 63,525 | 1,403 | 2.21 | 1,049 | 74.77 |
| 1966 | 62,215 | 1,436 | 2.31 | 1,178 | 82.03 |
| 1967 | 61,307 | 1,540 | 2.51 | 1,493 | 96.95 |
| 1968 | 61,004 | 1,558 | 2.55 | 1,343 | 86.20 |
| 1969 | 62,912 | 1,642 | 2.61 | 1,225 | 74.60 |
| 1970 | 64,382 | 1,709 | 2.65 | 1,414 | 82.74 |
| 1971 | 67,551 | 1,842 | 2.73 | 1,305 | 70.85 |
| 1972 | 68,527 | 2,005 | 2.93 | 1,291 | 64.39 |
| 1973 | 68,713 | 2,167 | 3.15 | 1,402 | 64.70 |
| 1974 | 68,907 | 2,309 | 3.35 | 1,415 | 61.28 |
| 1975 | 67,178 | 2,515 | 3.74 | 1,443 | 57.38 |
| 1976 | 67,718 | 2,545 | 3.76 | 1,104 | 43.38 |
| 1977 | 68,892 | 2,877 | 4.18 | 1,127 | 39.17 |
| 1978 | 70,299 | 3,003 | 4.27 | 1,223 | 40.73 |
| 1979 | 72,539 | 3,337 | 4.60 | 988 | 29.61 |
| 1980 | 74,064 | 3,723 | 5.03 | 1,115 | 29.95 |
| 1981 | 72,158 | 3,914 | 5.42 | 1,191 | 30.43 |
| 1982 | 70,843 | 4,358 | 6.15 | 1,191 | 27.33 |

| Tábla 2 — Orduithe Uchtála a deonaíodh/Comhlachtaí Creidiúnaithe a bhí i gceist | |
|---|---|
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 39 |

**Table 3 — Entries in the Register of Foreign Adoptions, 1991-2010, entered pursuant to Section 5 of the Adoption Act 1991 and in the Register of Intercountry Adoptions, pursuant to Section 57(2)(b)(ii) of the Adoption Act 2010, for 2011. (Applicants habitually resident in Ireland holding a valid Declaration of Eligibility & Suitability at the time of effecting the adoption )**

| No | Country | No of Children | % of Total |
|---|---|---|---|
| 1 | Russia | 1533 | 32.80 |
| 2 | Romania | 786 | 16.85 |
| 3 | Vietnam | 782 | 16.77 |
| 4 | China | 384 | 8.23 |
| 5 | Ethiopia | 243 | 5.21 |
| 6 | Guatemala | 176 | 3.77 |
| 7 | Kazakhstan | 149 | 3.19 |
| 8 | Belarus | 145 | 3.11 |
| 9 | Ukraine | 99 | 2.12 |
| 10 | Thailand | 99 | 2.12 |
| 11 | Mexico | 90 | 1.93 |
| 12 | United States of America | 36 | 0.77 |
| 13 | India | 28 | 0.60 |
| 14 | Colombia | 18 | 0.39 |
| 15 | Brazil | 17 | 0.36 |
| 16 | Paraguay | 16 | 0.34 |
| 17 | Taiwan | 15 | 0.32 |
| 18 | Philippines | 11 | 0.23 |
| 19 | Peru | 6 | 0.13 |
| 20 | Bulgaria | 5 | 0.11 |
| 21 | Cambodia | 3 | 0.06 |
| 22 | Uganda | 2 | 0.04 |
| 23 | Uzbekistan | 2 | 0.04 |
| 24 | Chile | 1 | 0.02 |
| 25 | El Salvador | 1 | 0.02 |
| 26 | Israel | 1 | 0.02 |
| 27 | Japan | 1 | 0.02 |
| 28 | Lebanon | 1 | 0.02 |
| 29 | Bolivia | 1 | 0.02 |
| 30 | Sri Lanka | 1 | 0.02 |
| 31 | Venezuela | 1 | 0.02 |
| 32 | Zambia | 1 | 0.02 |
| 33 | Kenya | 1 | 0.02 |
| 34 | Zimbabwe | 1 | 0.02 |
| 35 | Morocco | 1 | 0.02 |
| 36 | Bosnia Herzegovina | 1 | 0.02 |
| 37 | Malawi | 1 | 0.02 |
| 38 | Libya | 1 | 0.02 |
| 39 | South Africa | 1 | 0.02 |
| **Total** | | **4662** | **100** |

| Tábla 4— Taifid i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 i gcás na bliana 2011 amháin (Iarratasóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála). | |
|---|---|
| **An Tír** | **2011** |
| An Rúis | 124 |
| An Aetóip | 42 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 7 |
| An tSín | 6 |
| An Chasacstáin | 4 |
| Meicsiceo | 3 |
| Na hOileáin Fhilipíneacha | 1 |
| An Téaváin | 1 |
| **Iomlán** | **188** |

**Tábla 5— An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2011, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha roimh achtú an Achta Uchtála 2010. (Baineann Alt 57(2)(a) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).**

| An Tír | 2011 |
|---|---|
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 27 |
| An Rúis | 23 |
| An Ríocht Aontaithe | 17 |
| An tSín | 12 |
| An Afraic Theas | 8 |
| An Aetóip | 8 |
| Ceanada | 4 |
| Meicsiceo | 4 |
| An Astráil | 3 |
| An Téaváin | 3 |
| An Mhalaeisia | 3 |
| Vítneam | 3 |
| Fidsí | 2 |
| Iosrael | 2 |
| An Chasacstáin | 2 |
| Na hOileáin Fhilipíneacha | 2 |
| Singeapór | 2 |
| Uganda | 2 |
| An Bhotsuáin | 1 |
| An Eastóin | 1 |
| An Fhrainc | 1 |
| An Ghearmáin | 1 |
| Hong Cong | 1 |
| An Iodáil | 1 |
| An Chéinia | 1 |
| An Liotuáin | 1 |
| An Ísiltír | 1 |
| An Nua-Shéalainn | 1 |
| An Nígir | 1 |
| An Tansáin | 1 |
| An Téalainn | 1 |
| An Úcráin | 1 |
| An tSaimbia | 1 |
| An tSiombáib | 1 |
| **Iomlán** | **143** |

| Tábla 6— An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2011, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha tar éis achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí thar lear. (Baineann Alt 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). | |
|---|---|
| **An Tír** | **2011** |
| An Rómáin | 4 |
| An Ríocht Aontaithe | 3 |
| An Pholainn | 2 |
| Hong Cong | 1 |
| Málta | 1 |
| **Iomlán** | **11** |

**Tábla 7 — An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 2007 agus 2011, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).**

| An Tír | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Bhealarúis | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Chambóid | 0 | 0 | 0 | 3 | 0 |
| An tSín | 31 | 19 | 10 | 9 | 6 |
| An Cholóim | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 |
| An Aetóip | 17 | 26 | 21 | 75 | 42 |
| An Chasacstáin | 6 | 4 | 7 | 1 | 4 |
| Meicsiceo | 8 | 22 | 16 | 10 | 3 |
| Peiriú | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Na hOileáin Filipíneacha | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| An Rómáin | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| An Rúis | 160 | 117 | 100 | 80 | 124 |
| An Afraic Theas | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| An Téaváin | 1 | 0 | 2 | 1 | 1 |
| An Téalainn | 9 | 11 | 6 | 2 | 0 |
| An Úcráin | 6 | 9 | 2 | 2 | 0 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 5 | 4 | 4 | 7 | 7 |
| An Úisbéiceastáin | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| Vítneam | 130 | 182 | 136 | 10 | 0 |
| **Iomlán** | **374** | **397** | **307** | **200** | **188** |

| Tábla 8 — An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2011 (Gach Roinn) | |
|---|---|
| **Bliain** | |
| 1991 | 58 |
| 1992 | 305 |
| 1993 | 59 |
| 1994 | 67 |
| 1995 | 90 |
| 1996 | 117 |
| 1997 | 14 |
| 1998 | 260 |
| 1999 | 284 |
| 2000 | 323 |
| 2001 | 285 |
| 2002 | 440 |
| 2003 | 487 |
| 2004 | 486 |
| 2005 | 439 |
| 2006 | 406 |
| 2007 | 436 |
| 2008 | 490 |
| 2009 | 394 |
| 2010 | 288 |
| 2011 | 342 (Iomlán Thábláí 4, 5, 6) |
| **Iomlán** | **6,204** |

| Tábla 9 — An líon Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag an mBord Uchtála faoin Acht Uchtála 1991. | | |
|---|---|---|
| **Bliain** | **An Líon Dearbhuithe a Deonaíodh** | **An Líon Dearbhuithe ar Diúltaíodh dóibh** |
| 1991 | 4 | 1 |
| 1992 | 40 | 1 |
| 1993 | 54 | 6 |
| 1994 | 63 | 3 |
| 1995 | 109 | 4 |
| 1996 | 117 | 5 |
| 1997 | 176 | 1 |
| 1998 | 206 | 3 |
| 1999 | 242 | 1 |
| 2000 | 282 | 1 |
| 2001 | 391 | 1 |
| 2002 | 399 | 1 |
| 2003 | 468 | 0 |
| 2004 | 461 | 0 |
| 2005 | 403 | 3 |
| 2006 | 400 | 3 |
| 2007 | 452 | 5 |
| 2008 | 494 | 1 |
| 2009 | 391 | 1 |
| 2010 | 423 | 1 |
| **Iomlán** | **5,575** | **40** |

| Tábla 10 - An líon Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag Údarás Uchtála na hÉireann faoin Acht Uchtála 2010. | | | |
|---|---|---|---|
| **Bliain** | **An líon faoi Alt 40 Dearbhuithe a Deonaíodh** | **An líon faoi Alt 63 Dearbhuithe a Deonaíodh** | **An Líon Dearbhuithe ar diúltaíodh dóibh** |
| 2010 | 20 | 0 | 0 |
| 2011 | 205 | 421 | 0 |
| **Iomlán** | **225** | **421** | **0** |

| Tábla 11 - Comhlachtaí Creidiúnaithe a creidiúnaíodh sa bhliain 2011 | | |
|---|---|---|
| **Regd. No** | **Name of Accredited Body** | **Activities for which Accredited** |
| AB01/2011<br>25/01/2011 | International Adoption Association (Ireland)<br>Terenure Enterprise Centre, 17 Rathfarnham Road, Dublin 6W | Section 4(g) |
| AB02/2011<br>08/02/2011 | Arc Adoption Limited<br>17 Prospect Court, Rathfarnham, Dublin 16 | Section 4 (a,b,c,d)<br>Bulgaria (8/2/2011)<br>China (8/2/2011) |
| AB03/2011<br>22/02/2011 | PACT<br>18D Nutgrove Office Park, Rathfarnham, Dublin 14 | Section 4 (e,f,g) |
| AB04/2011<br>22/02/2011 | St. Patrick's Guild<br>203 Merrion Road, Blackrock, Dublin 4 | Section 4 (k) |
| AB05/2011<br>08/03/2011 | St. Attracta's Adoption Society<br>St. Marys, Sligo | Section 4 (k) |
| AB06/2011<br>08/03/2011 | Cúnamh<br>CPRSI House, 30 South Anne Street,<br>Dublin 2 | ~~Section 4 (a,c,d,j,k)~~<br>Amended 31/5/2011<br>(a,b,c,d,h,i,j,k) |
| AB07/2011<br>31/05/2011 | Barnardos Post Adoption Service,<br>Hyde Square, 654 South Circular Road, Dublin 8 | Section 4 (k) |
| AB08/2011<br>08/06/2011 | Families for Children Adoption Agency Limited<br>Level 1, Unit 12, Woodfort Court, Woodfort Industrial Estate, Santry, Dublin 17. | Section 4 (e,f,g) |
| AB09/2011<br>14/6/2011 | St. Mura's Adoption Society<br>St. Mura's Adoption Society, Pastoral Centre,<br>Monastery Avenue,<br>Letterkenny, Co. Donegal | Section 4 (k) |
| AB10/2011<br>28/06/2011 | CLARECARE<br>Harmony Row, Ennis, Co. Clare | Section 4 (h) & (k) |
| AB11/2011<br>28/09/2011 | PATHWAYS TO ADOPTION<br>3 Church Lane, Rathmines, Dublin 6 | Section 4 (e,f,g) |
| AB12/2011<br>18/10/2011 | ARABELLA COUNSELLING T/A Here2Help<br>18D Nutgrove Office Park, Rathfarnham, Dublin 14 | Section 4 (a,b,c,d,h,i,j,k) |